Próstéacs Breise – Drámaí

Níor chás eisceachtúil é cás Mháire ag an am

AN TRIAIL

An bhfuil saineolas agat ar an dráma 'An Triail'?

Cabhróidh na ceisteanna seo leat athbhreithniú a dhéanamh ar an dráma don scrúdú scríofa.

Déan iarracht na ceisteanna a fhreagairt duit féin i dtosach sula léann tú an freagra a ghabhann leo.

Sraith ceisteanna

1. Cad a tharraing aird na léirmheastóirí ar an dráma an chéad lá riamh?

(a) An greann. (b) An t-údar. (c) An t-ábhar.

Fr: Ba é an téama a tharraing aird na léirmheastóirí. Ábhar conspóideach faoi chailín óg soineanta a thit i ngrá le fear pósta a bhí foghlamtha ach ina shlíomadóir sleamhain plámásach, agus a d'éirigh torrach mar gheall ar an gcaidreamh collaí nach raibh ceadaithe ná inghlactha ag an am, a cuireadh os comhair an lucht féachana.

2. An raibh sochaí an-liobrálach sa tír ag an am?

(a) Bhí. (b) Ní raibh.

Fr: Ní raibh. Sochaí an-choimeádach a bhí sa tír. Bhí meon agus dearcadh an phobail múnlaithe ag an Eaglais Chaitliceach agus bhí an pobal géilliúil do sheasamh na hEaglaise i gcónaí. Tá sé soiléir go raibh faitíos ar an bpobal roimh an gcléir agus ní chuirfidís i gcoinne na cléire ar ór ná ar airgead.

3. Cé acu an charthanacht nó easpa tuisceana a léirigh na príomhcharachtair sa dráma?

(a) Carthanacht (b) Easpa tuisceana



Fr: Easpa tuisceana. Nuair a tháinig sé chun solais go raibh Máire Ní Chathasaigh ag iompar clainne rinneadh í a imeallú láithreach. Thréig an slíomadóir Pádraig Mac Cárthaigh í ar eagla an mhíchlú agus níor thug aon duine dá muintir féin tacaíocht dá laghad di. Ní raibh de rogha aici ar deireadh ach imeacht léi go Baile Átha Cliath ina haonar agus iarracht a dhéanamh í féin agus a leanbh a chothú as a stuaim féin.

Rud é seo ar ndóigh a bhí fíordheacair do chailín óg singil a dhéanamh agus í ag iompar clainne ag an am.

4. Ar chás eisceachtúil é cás Mháire, í singil ach ag iompar clainne ag an am céanna?

(a) Ba ea. (b) Níorbh ea.

NÁ BÍ BUARTHA FAO